C/2026/2840

26.5.2026

FÓGRAÍ Ó NA BALLSTÁIT

Fógra ó Rialtas Mhálta i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2026/2840)

Leis seo, tugann Roinn na Scairbhe Ilchríochaí laistigh den Aireacht Airgeadais fógra, de bhun an Fhógra ó Rialtas Mhálta maidir leis an Treoir thuasluaite a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 25 Márta 2026 (Tagairt: C/2026/1943), go bhfuil Limistéir 1, 4, 5 agus 7 faoi údarú anois agus nach mbeidh siad ar fáil lena gceadúnú go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

Is féidir faisnéis maidir leis an bhfógra seo a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hArd-Stiúrthóir Roinn na Scairbhe Ilchríochaí ag an Aireacht Airgeadais, Block E, Antonio Maurizio Valperga Street, Floriana, FRN 1700, Málta ag dgcs.csmalta@gov.mt agus ag continentalshelf.gov.mt.